Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Stór Focal de réir a gcineálacha téacsanna labhartha



# Diospóireachtaí Foirmiúla

Is é is cuspóir le díospóireachtaí agus argóintí a fhorbairt ná a chur ina luí ar lucht éisteachta glacadh le dearcadh faoi leith. Tugann díospóireachtaí deis do dhaltaí cleachtadh a dhéanamh ar thuairimí a thabhairt agus a chosaint. Beidh ar pháistí taighde a dhéanamh ar thopaicí agus eolas cuí a chur ar fáil chun tacú lena ndearcadh. Is féidir díospóireachtaí a úsáid chun dearcaí agus saincheisteanna difriúla a scrúdú, ag tagairt do thopaicí atá á ndéanamh sa rang, nó rudaí a bhaineann leis an bpobal amhail truailliú, crainn chumarsáide ghutháin, agus cúrsaí reatha.

| **Struchtúr** | **Naíonáin/Ranganna 1 agus 2** | **Ranganna 3 agus 4** | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|---|---|
| ***Tús***<br>***Beannú*** | • Maidin mhaith/tráthnóna maith<br>• Dia daoibh ar fad/uilig | • Dia daoibh a dhaoine uaisle<br>• Tá fáilte mhór romhaibh anseo …. | • Tráthnóna maith, a aíonna uaisle!<br>• Bhur céad fáilte anseo inniu<br>• Ba mhaith liom an deis seo a thógáil fáilte a chur romhaibh ar fad chuig…<br>• Is mian liom an deis seo a thapú le fáilte a chur romhaibh chuig ……<br>• Ar son/Thar ceann _______ ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh chuig…..<br>• A chathaoirligh, a mholtóirí agus a lucht éisteachta… |
| ***Tráchtas*** | • Is mise ________ agus inniu labhróidh mé faoi ….. | • Is mise … agus inniu ba mhaith liom labhairt libh faoi….<br>• Is é an rún atá á phlé againn inniu ná…. | • Ba mhaith liom mé féin a chur in aithne ar dtús<br>• Is mise agus is mian liom labhairt faoi... |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Seasamh a chur in iúl*** | • Ceapaim/Ní cheapaim<br>• Sílim/Ní shílim<br>• Is ea/Ní hea<br>• Is maith/Ní maith<br>• Aontaím/Ní aontaím | • Is fearr liom<br>• Aontaím go láidir/Ní aontaím go láidir<br>• I mo thuairim<br>• Creidim<br>• Mothaím/Airím<br>• Ba mhaith liom a rá…<br>• Tá súil agam… | • Aontaím leat/Táim ar aon intinn leat.<br>• Aontaím go huile agus go hiomlán go…<br>• Níl mé baileach cinnte céard/cad a cheapaim faoin scéal<br>• Caithfidh mé a rá<br>• Ní aontaím leis sin.<br>• Ní dóigh liom go bhfuil tú ceart.<br>• Ar dtús,ina dhiaidh sin….<br>• Le tosú…<br>• Ar dtús ba mhaith liom a rá…<br>• Molaim do…….<br>• Is í an fhadhb atá le …ná…<br>• Is é mo thuairim/mo bharúil |
| **Fianaise thacaíochta** | • Mar/de bhrí | • Mar shampla<br>• Mura/Ach amháin má… | • Creidtear/Creidtear go forleathan…<br>• Tá sé faighte amach/cruthaithe<br>• Ar thaobh amháin/Ar lámh amháin<br>• Ar an lámh eile/Ar an taobh eile den scéal<br>• Smaoinigh ar….<br>• Chun cur le mo phointe…<br>• Le mo phointe a shoiléiriú…<br>• Chomh maith leis sin…<br>• Mar a tharlaíonn sé…<br>• Leis an fhírinne a rá…<br>• Mar a chéile le/Freisin/Mar an gcéanna<br>• Mar gheall ar/De bharr<br>• Go háirithe<br>• Go suntasach<br>• Go deimhin |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | • Is féidir sampla de seo a fháil…<br>• I bhfocail eile<br>• Is é sin le rá<br>• Is é an rud is tábhachtaí le smaoineamh air…<br>• Ba mhaith liom béim a chur ar…<br>• Ba mhaith liom aird a tharraingt ar..<br>• Ba mhaith liom aird a dhíriú ar..<br>• Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do…<br>• Mar atá a fhios agaibh go maith, b'fhéidir…<br>• Mar atá ar eolas agaibh cheana |
| **Seasamh eile a chur i láthair** | | • Ach cad/céard faoi…?<br>• Ná déan dearmad air…Mar shampla…..<br>• Mar sin féin/Ina dhiaidh sin féin/Cé go<br>• Ach/Seachas | • Mar an gcéanna/Ar an mbealach céanna<br>• É sin ráite<br>• Mar mhalairt air sin<br>• I gcás…/Ó thaobh…/Maidir le…<br>• Creideann daoine eile<br>• Cé go gcreideann daoine eile..<br>• De réir…<br>• In ainneoin……. |
| **Deireadh** | • Go raibh maith agaibh as ucht éisteacht liom | • Gabhaim buíochas libh as ucht bhur gcuid ama<br>• Mar chríoch…. | • Le h-achoimre a dhéanamh<br>• Mar fhocal scoir ba mhaith liom a rá<br>• Dá bhrí sin<br>• Mar gheall ar sin<br>• Ar an iomlán/Tríd is tríd<br>• De thoradh/Mar gheall ar<br>• Mar a dúirt mé cheana…<br>• Ag an bpointe seo ba mhaith liom achoimre a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | dhéanamh ar na príomhphointí<br>• Ag an bpointe seo ba mhaith liom dul tríd na príomhphointí go tapa/go sciobtha<br>• Mar sin, tá sé soiléir go…<br>• Mar sin, is léir go…<br>• Tá mo chuid argóintí cloiste agaibh anois. Tá súil agam go n-aontaíonn sibh liom agus go bhfeiceann sin go bhfuil/nach bhfuil…<br>• Ba mhaith liom a chur i gcuimhne daoibh/a mheabhrú daoibh<br>• Táim muiníneach go n-aontaíonn sibh uilig… |

# Diospóireachtaí Neamhfhoirmiúla

Is é is cuspóir le díospóireachtaí agus argóintí a fhorbairt ná a chur ina luí ar lucht éisteachta glacadh le dearcadh faoi leith. Tugann díospóireachtaí deis do dhaltaí cleachtadh a dhéanamh ar thuairimí a thabhairt agus a chosaint. Beidh ar pháistí taighde a dhéanamh ar thopaicí agus eolas cuí a chur ar fáil chun tacú lena ndearcadh. Is féidir díospóireachtaí a úsáid chun dearcaí agus saincheisteanna difriúla a scrúdú ag tagairt do thopaicí atá á ndéanamh sa rang, nó rudaí a bhaineann leis an bpobal amhail truailliú, crainn chumarsáide ghutháin, agus cúrsaí reatha.

| **Naíonáin**<br><br>**Ranganna 1 agus 2** | **Ranganna 3 agus 4** | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|---|
| • Ceapaim/Ní cheapaim<br>• Mar/De bhrí<br>• Is ea/Ní hea<br>• Aontaím/Ní aontaím<br>• Is é mo rogha…. | • B’fhearr liom<br>• Aontaím/Ní aontaím<br>• I mo thuairim<br>• Creidim<br>• Mothaím<br>• Mura/Ach amháin má<br>• Mar sin féin<br>• Ach/Seachas | • Níl mé baileach cinnte céard/cad a cheapaim faoin scéal<br>• Ina dhiaidh sin féin<br>• Creidim go hiomlán/go láidir<br>• Aontaím/Ní aontaím go láidir<br>• Creidtear go/Creidtear go forleathan go<br>• Ar thaobh amháin/Ar lámh amháin<br>• Ar an lámh eile/Ar an taobh eile den scéal<br>• Tá sé faighte amach/cruthaithe<br>• Smaoinigh ar…<br>• Le tosú…<br>• Chomh maith leis sin…<br>• Le bheith cruinn faoi<br>• Is í an fhírinne ná…<br>• Maraon le…<br>• Mar an gcéanna/Mar a chéile/Chomh maith le/Freisin |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Mar gheall ar/De bharr/De thairbhe<br>• Mar mhalairt air sin<br>• Go háirid/Go háirithe<br>• Go suntasach<br>• Go deimhin<br>• I gcás…<br>• Ar dtús,ina dhiaidh sin….<br>• Mar shampla<br>• Mar sin féin/Ina dhiaidh sin féin/Cé go/Ainneoin go<br>• Chun cur le mo phointe…<br>• Le mo phointe a shoiléiriú…<br>• Le mo phointe a neartú/a dhaingniú<br>• Is í an fhadhb atá le …<br>• Mar an gcéanna/Ar an mbealach céanna<br>• Faoi dheireadh/I ndeireadh na dála/faoi dheireadh thiar thall/I ndeireadh báire<br>• Mar sin/Dá bhrí sin/Dá bharr sin<br>• Mar chríoch/Mar fhocal scoir<br>• Mar achoimre<br>• Mar gheall ar/De thoradh |

# Scéalaíocht agus Staróga

Rinne go leor cultúr a dtraidisiún a chaomhnú agus a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile trí scéalta a aithris, imeachtaí a thabhairt chun cuimhne agus staróga pearsanta a insint. Cuirimid eolas in iúl trí scéalta an t-am go léir, e.g. "*Fan go n-inseoidh mé duit céard a tharla dom an tseachtain seo caite*" etc. Is cuid ríthábhachtach den chomhrá ó lá go lá é an scéalaíocht agus ba chóir go mbeadh sé ina chuid thábhachtach den obair ranga freisin. *“Narratives help students to connect what is happening in the classroom with the real world; they provide a way of understanding, organising and communicating experiences*” (Ewing agus Simmons, 2004). Is féidir le múinteoirí deiseanna taispeántais, amhail drámaíocht nó aithriseoireacht nó a dhéanamh as an scéalaíocht.

| **Struchtúr** | **Naíonáin**<br>**Ranganna 1 agus 2** | **Ranganna 3 agus 4** | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|---|---|
| **Tús** | | | |
| ***Cur i láthair*** | • Fadó fadó…<br>• Lá den saol…<br>• Lá amháin… | • I dtír i bhfad i gcéin…<br>• Blianta ó shin…<br>• Ó thosach aimsire…<br>• Ó thús an tsaoil…<br>• Ag tús na haoise …<br>• I dtosach báire …<br>• Bhí __agus ___ ann fadó<br>• Mhair ___ agus ___ fadó<br>• An cuimhin leat nuair …..<br>• Fan go n-inseoidh mé duit … | • I bhfad ó shin……<br>• Seo scéal a chuala mé fadó<br>• Oíche dhorcha bhí ann….<br>• Aimsir ghruama a bhí ann. Bhí atmaisféar dorcha duairc ann …<br>• Thosaigh sé ar fad nuair….<br>• Thosaigh sé ar fad/uilig fiche bliain ó shin …<br>• Cuireadh tús leis ar fad ______ ó shin<br>• I dtús an tsaoil fadó fadó…<br>• Inseoidh mé scéal daoibh …<br>• Inseoidh mé scéal scanrúil/gruama daoibh …<br>• Tharla sé ar fad go tobann...<br>• Cuireann sé sin i gcuimhne dom ….. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | • Tá scéal agam le n-insint daoibh …….<br>• Ar chuala sibh an ceann faoi... |
| ***Cur síos ar charachtar*** | • Mór/beag<br>• Fada/gearr<br>• Tanaí/ramhar<br>• Ard/íseal<br>• Sona sásta/brónach<br>• Deas/gránna<br>• Óg/sean/aosta<br>• Múinte /mímhúinte<br>• Cliste<br>• Lách<br>• Gnaíúil<br>• Cineálta<br>• Flaithiúil<br>• Fial<br>• Olc<br>• Macánta/mímhacánta<br>• Ionraic/mí-ionraic<br>• Umhal/múinte<br>• Tarraingteach/dathúil/<br>• Slachtmhar/álainn/galánta | • Bhí áthas orm/air/uirthi …<br>• Bhí ríméad orm/air/uirthi...<br>• Bhí gliondar croí orm/air/uirthi …<br>• Bhí áthas an domhain orm/air/uirthi …<br>• Bhí ___ ar bís.<br>• Bhí fearg ___/Bhí ___ feargach.<br>• Bhí fearg an domhain orm/air/uirthi …<br>• Bhí___ thar a bheith crosta.<br>• Bhí ___ ar buile.<br>• Bhí mé/sé/sí fliuch báite<br>• Bhí eagla orm/ort/air/uirthi…<br>• Bhí eagla an domhain orm/ort/air/uirthi…<br>• Baineadh geit uafásach asam/as/aisti… agus lig mé/sé/sí béic asam.<br>• Bhí faitíos orm/ort/air/uirthi…<br>• Bhí mo/a c(h)roí i mo bhéal/ina b(h)éal<br>• Bhí ionadh an domhain orm/air/uirthi …<br>• •Bhí náire orm/air/uirthi…<br>• Bhí brón orm/air/uirthi …/Bhí mé/sé/sí brónach.<br>• Bhí brón an domhain orm/air/uirthi ….<br>• Bhí mo chroí dubh. | • Bhí mé/sé air/uirthi … ar mhuin na muice<br>• Bhí lúcháir orm/air/uirthi …<br>• Bhí___ breá sásta ___ féin agus leis an saol.<br>• Bhí sceitimíní áthais orm/air/uirthi …<br>• Ba bheag nár léim mé/sé/sí as mo/a/a c(h)raiceann.<br>• Bhí___ thar a bheith crosta.<br>• Bhí ___ ar deargbhuile.<br>• Tháinig racht feirge orm/air/uirthi …<br>• Bhuail taom feirge ___<br>• Bhí mé/sé/sí ag crith le heagla/leis an eagla.<br>• Bhí mé/sé/sí neirbhíseach agus bhí mé/sé/sí ag cur allais go tiubh.<br>• Bhí mé/sé/sí buartha.<br>• Bhí scéin ionam/ionat/ann/inti…<br>• • Rith mé/sé/sí … le m'anam/lena anam/lena hanam ….<br>• D'éalaigh mé/sé/sé … ar nós na gaoithe.<br>• D'imigh mé ar luas lasrach.<br>• Ba bheag nár thit mé/sé/sí i laige….<br>• Bhí cumha orm/air/uirthi …<br>• Bhí áiféala orm/air/uirthi …<br>• Bhí mé/sé/sí ag sileadh na deora.<br>• Bhí na deora liom.<br>• Bhí fonn caoineadh orm/air/uirthi ….<br>• Bhí cnap i mo/ina scornach.<br>• Bhí éadóchas orm/air/uirthi... |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Bhí mé/sé/sí croíbhriste.<br>• Bhí uaigneas agus doilíos orm/air/uirthi.<br>• Briseadh mo/a c(h)roí. | • Bhí mé/sé/sí fliuch go craiceann. |
| ***Cur síos ar an suíomh*** | • Thuas/thíos<br>• Taobh thiar nó ar chúl/ taobh le nó in aice le nó le hais nó láimh le<br>• Suas/síos<br>• Te/fuar<br>• Tirim/fliuch<br>• Mór/beag<br>• Ard/íseal | • An-mhór/an-bheag<br>• Mór millteach<br>• Chomh mór le<br>• In íochtar an ….<br>• Ag bun an ….<br>• Ar chlé/ar dheis<br>• Ar thaobh na láimhe clé/ar thaobh na lámha deise<br>• Istigh/amuigh<br>• Taobh istigh/sa lár/taobh amuigh<br>• Socair/suaimhneach/ciúin<br>• Soiléir/fuar/fionnuar<br>• Ceomhar<br>• Ard/an-ard/an-mhór/ollmhór/fada<br>• Beag/beag bídeach/gearr/íseal<br>• Ag bualadh/ag greadadh in aghaidh na /i gcoinne na<br>• Bhí an lá ina cheo<br>• Lá ceobhránach a bhí ann<br>• Bhí an taobh tíre faoi bhrat oighir<br>• Bhí an talamh reoite<br>• Bhí mé/sé/sé …préachta leis an bhfuacht.<br>• Lá seaca a bhí ann<br>• Lá te/fliuch a bhí ann… | • I measc na/idir na/trasna na/thar na/in aghaigh na/timpeall /thart /faoi<br>• Taobh thall de/ar an taobh eile de/níos faide ná<br>• Ar fud/íochtar/chuig/i dtreo/go dtí<br>• Caol/cúng/éadomhain<br>• Ag scréachadh/ag béicíl/ag scairteadh/ag geonaíl<br>• Oíche nimhneach fhuar sa Gheimhreadh a bhí ann.<br>• Bhí an spéir lán le scamaill móra dorcha.<br>• Bhí toirneach agus tintreach ag bualadh ó am go chéile.<br>• Bhí an stoirm ag réabadh agus bhí gaoth nimhneach ag séideadh.<br>• Bhí sé thar a bheith te.<br>• Bhí gaoth bhog álainn ag séideadh.<br>• Bhí sé ag stealladh báistí.<br>• Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch.<br>• Oíche nimhneach fhuar gheimhriúil a bhí ann.<br>• Bhí an ghrian ag spalpadh sa spéir.<br>• Bhí mé préachta leis an bhfuacht.<br>• Bhí mé fliuch go craiceann.<br>• Bhí an bháisteach ag titim go trom.<br>• Bhí fuacht nimhneach san aer.<br>• …béic a bhodhródh thú...<br>• Ní raibh beocht ar bith san áit. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Bhí teas aisteach ann …<br>• ..búireach na gaoithe<br>• Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch.<br>• Bhí sé ag stealladh báistí.<br>• Bhí an ghrian ag spalpadh<br>• Bhí sé ag cur seaca.<br>• Bhí leac oighir ar na bóithre.<br>• Bhí na bóithre sleamhain.<br>• Bhí mé ag cur allais.<br>• Bhí mé fliuch báite.<br>• Bhí sé ag cur báistí.<br>• Bhí sé ag cur fearthainne.<br>• Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir.<br>• Bhí an ghrian ag spalpadh anuas.<br>• Ní raibh scamall sa spéir.<br>• Lá iontach a bhí ann.<br>• Lá breá brothallach a bhí ann. | • Ní raibh le cloisteáil ach siosarnach na gaoithe.<br>• Ní raibh le cloisteáil ach an ghaoth ag siosarnach tríd an gcoill.<br>• Bhí ciúnas ann cé is moite de shiosarnach na gaoithe.<br>• Ní léir duit do lámh ag an gceo tiubh. |
| **Lár** | | | |
| ***Nascfhocail ama*** | • Ansin…<br>• Ina dhiaidh sin… | • Ag an am..<br>• An t-am sin…<br>• An uair sin…<br>• Ar dtús…<br>• Tar éis tamaill..<br>• Tamall ina dhiaidh sin …<br>• Ar deireadh …<br>• Ansin lá amháin …<br>• Anois nuair a …<br>• An mhaidin/lá dár gcionn … | • Fad is a bhí…<br>• Ó bhí/fuair/tharla/tháinig …<br>• Ó shin i leith …<br>• Taobh istigh de chúpla lá …<br>• Ar deireadh / faoi dheireadh thiar thall<br>• Díreach ag an nóiméad sin...<br>• Ag an bpointe sin…<br>• Ar an bpointe boise …<br>• Idir an dá linn …<br>• Lena linn sin … |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • An lá/mhaidin ina dhiaidh sin …<br>• Lá arna mhárach …<br>• Ar an mbealach …<br>• Go tobann … | • Ag an am céanna …<br>• Ar deireadh thiar …<br>• Faoi dheireadh<br>• I ndeireadh na dála …<br>• Chomh luath agus a ….<br>• Ní raibh sé i bhfad sula….<br>• Níorbh fhada go raibh …<br>• Go gairid ina dhiaidh sin...<br>• An mhaidin/lá céanna…<br>• Ag an am céanna …<br>• Go tobann/de phreab/de gheit….<br>• Gan choinne…. |
| ***Focail eile in áit chuaigh*** | • Thiomáin mé<br>• D'eitil mé<br>• Rith mé<br>• Shiúil mé<br>• Thit mé | • Dhreap mé<br>• Léim mé<br>• Bhailigh mé/sé/sí ...liom/leis/léi<br>• Bhog mé/sé/sí ...liom/leis/léi | • Shleamhnaigh sé/sé/sé ..síos an staighre<br>• Bhí mé/sé/sí ..ag rith thart ..<br>• Lasc mé liom/sé leis/sí léi amach as ….<br>• Thit sé/sí i ndiaidh a m(h)ullaigh) amach as an …<br>• Thit sé/sí i ndiaidh a c(h)úil amach as an …<br>• Chaith mé mé féin amach as an ….<br>• Chaith sé/sí é/í féin amach as an …<br>• Chuaigh mé/sé/sí ..de shiúl nag cos trí na cnoic. |
| ***Focail eile in áit dúirt*** | • a dúirt | • ar sise<br>• ar seisean<br>• a d'fhiafraigh mé/sé/sí/siad<br>• a scread mé/sé/sí<br>• a bhéic mé/sé/sí<br>• a bhúir mé/sé/sí<br>• a gháir mé/sé/sí<br>• a d'fhreagair mé/sé/sí<br>• a ghlaoigh mé/sé/sí<br>• a chaoin mé/sé/sí<br>• a smaoinigh mé/sé/sí | • a d'admhaigh<br>• a d'fhógair<br>• a d'aontaigh<br>• a d'impigh<br>• ar sé/sí go gaisciúil<br>• a mhaígh sé/sí<br>• ar sé/sí go leitheadach<br>• rinne sé/sí clamhsán/gearán<br>• …tháinig sé/sí ar an tuairim go raibh an ceart …<br>• ..rinne sé/sí amach go raibh sé/sí ceart |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • a chuimhnigh mé/sé/sí<br>• a cheap mé/sé/sí<br>• a mhínigh mé/sé/sí<br>• a dúirt mé/sé/sí i gcogar<br>• a dúirt mé/sé/sí le gáire | • Shéan sé/sí go raibh<br>• Dhiúltaigh sé/sí<br>• a d'inis<br>• a bheartaigh<br>• rinne sé/sí cur síos ar/chuir sé/sí síos ar …<br>• a mheabhraigh sé/sí<br>• ar sise/seisean agus í/é ag osnaíl<br>• a mhol sé/sí<br>• a d'ordaigh sé/sí<br>• a threoraigh/a stiúraigh<br>• a d'éiligh sé/sí<br>• a d'ordaigh sé/sí<br>• a scrúdaigh sé/sí<br>• a d'fhiosraigh sé/sí |
| **Deireadh** | | | |
| ***Nascfhocail*** | • Mar sin | • Ina dhiaidh sin<br>• Bíodh gur<br>• Cé gur<br>• Mar sin féin<br>• De bharr<br>• De bhrí<br>• Toisc | • D'ainneoin<br>• fiú agus<br>• fiú ansin/fós féin/ina dhiaidh sin féin<br>• ar eagla go/ar fhaitíos go…<br>• chomh fada agus go …<br>• ar choinníoll go/ar an gcoinníoll go …<br>• mura/ach amháin má …<br>• le go …/ionas go…/chun go …/sa gcaoi go …/sa dóigh go …<br>• ós rud é go …/ó tharla go../de bhrí do.../ar an ábhar go …<br>• ach …/cé is moite de …<br>• mar sin féin…/áfach …/ina dhiaidh sin féin ../é sin sin ráite<br>• seachas sin …/murach sin …/taobh amuigh de sin …<br>• cé go …<br>• pé uair…/cibé uair …/am ar bith … |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Críoch*** | • Mhair siad ar fad go sona sásta as sin amach<br>• Mhair siad go sona sásta go brách | • Sin bun agus barr an scéil ..<br>• Sin tús agus deireadh an scéil … | • Ba mhíorúilt gur tháinig siad as …<br>• Ba mhíorúilt gur thug siad na cosa leo …<br>• Níl tásc ná tuairisc air/níl dé ná deatach air …<br>• D'imigh sé as radharc sa dorchadas …<br>• …agus níor chualathas faic faoin ____ arís<br>• …agus níor facthas agus níos chualathas a dhath faoin___ arís<br>• …agus mar sin ní bheidh a fhios againn riamh céard a tharla<br>• …agus mar sin bhí deireadh leis<br>• agus mar sin bhí sé thart<br>• …is fada liom go ndéanfaidh mé arís é!/… táim ar bís go ndéanfaidh mé arís é! |

Oide

## Treoracha/Nósanna Imeachta a thabhairt

Is éard atá i gceist le treoracha a thabhairt nó nósanna imeachta a leagan amach ná sraith céimeanna a thabhairt chun rud éigin a bhaint amach. Ar an teanga a úsáidtear don téacs labhartha seo tá úsáid a bhaint as briathra deachtaithe amhail Téigh, Gabh, Iompaigh, Glac ....

| **Naíonáin/Ranganna 1 agus 2** | **Ranganna 3 agus 4** | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|---|
| • Ar dtús<br>• Ansin<br>• Anseo<br>• Anois | • Teastóidh<br>• Cuimhnigh/Smaoinigh<br>• An chéad rud/An dara rud<br>• Ar dtús<br>• Le tosaigh/Le tús a chur le<br>• Tar éis tamaill<br>• Ag an bpointe seo<br>• Roimhe sin<br>• Ina dhiaidh sin<br>• Anseo<br>• Níos déanaí<br>• Anois<br>• Ar deireadh/Faoi dheireadh<br>• Le críoch/deireadh a chur | • Ag leanúint<br>• Chun/Chun an/Ionas …<br>• Is iad na céimeanna atá i gceist<br>• Ar an gcéad dul síos<br>• Sa chéad dul síos<br>• I dtús báire/I dtosach báire<br>• Leis an bpróiseas a thosú<br>• Ag tosaigh amach<br>• Idir an dá linn<br>• Roimhe sin<br>• Chomh maith leis sin/Lena chois sin/Ina theannta sin<br>• Mar mhalairt air sin<br>• Ar deireadh thiar<br>• Dá réir/Dá réir sin/Ar an ábhar sin/Mar sin de<br>• Mar gheall ar/De thoradh/Dá bharr<br>• Nuair a/A fhad is a /Chomh fada agus a<br>• Le críochnú<br>• An chéim dheiridh<br>• Nuair atá ….. críochnaithe |

# Tuairiscí ó Bhéal

Tugann tuairiscí ó bhéal taithí do pháistí eolas a roghnú agus a eagrú a oireann do lucht éisteachta, do chuspóirí, agus do chúinsí faoi leith. Is féidir tuairiscí pleanáilte a bheith i gceist amhail tuairisciú ar thionscadal (‘An Frog’) agus neamhphleanáilte amhail leis an gcuid sin de cheacht ina mbíonn gach páiste rannpháirteach (*Conas a d'éirigh le bhur ngrúpa*?). Tuairiscí ó bhéal atá bunaithe ar chomhfhócas nó ar chomhspéis nó ar thopaicí faoi leith a bhfuiltear ag déanamh staidéir orthu ag an tráth áirithe sin. Oireann ábhair ar nós na heolaíochta agus na tíreolaíochta do thuairiscí eagrúcháin, e.g. tuairisc ar shaolré an fhéileacáin, tuairisc ar bholcáin, go háirithe má rinne páistí obair ghrúpa ar dtús.

| **Struchtúr** | **Naíonáin**<br>**Ranganna 1 agus 2** | **Ranganna 3 agus 4** | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|---|---|
| **Tús** | | | |
| ***Beannú don lucht féachana*** | • Maidin mhaith, a chairde<br>• Tráthnóna maith, a chairde<br>• Dia daoibh ar fad ar maidin<br>• Dia daoibh ar fad tráthnóna/inniu | • Go mbeannaí Dia daoibh ar maidin.<br>• Go mbeannaí Dia daoibh tráthnóna.<br>• Dia daoibh, a dhaoine uaisle<br>• Tá fáilte romhaibh ar fad chuig…<br>• Ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh ar fad anseo ar maidin/inniu | • Maidin mhaith, a aíonna uaisle<br>• Tá fáilte romhaibh chuig…..an lae inniu<br>• Ba mhaith liom an deis seo a thógáil fáilte a chur romhaibh ar fad chuig….<br>• Ar son…ba mhaith liom an deis seo a thapú fáilte a chur romhaibh ar fad chuig… |
| ***Mé féin agus an t-ábhar a chur i láthair*** | • Is mise______ agus ba mhaith liom labhairt faoi... | • Is mise _____ agus ba mhaith liom insint daoibh inniu faoi/labhairt libh faoi | • Ar dtús ba mhaith liom mé féin a chur in aithne. Is é an t-ainm atá orm ná….. Is mise... agus ba mhaith liom labhairt libh faoi … |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Is é an teideal atá ar mo thuairisc ná….. | • Tá sé ar intinn agam labhairt faoi…<br>• Is é ábhar na cainte ná... |
| ***An fáth atá leis an tuairisc ó bhéal*** | • Ba mhaith liom labhairt faoi seo mar…<br>• Is mian liom labhairt faoi seo mar… | • Ag deireadh na tuairisce seo tá súil agam go …..<br>• Ag deireadh na tuairisce seo tá súil agam go mbeidh tuiscint níos fear agaibh ar….. | • Roghnaigh mé an t-ábhar cainte seo mar …<br>• Is í an chúis/aidhm atá leis an tuairisc seo ná …<br>• Ar chuala sibh riamh faoi?<br>• B'fhéidir go bhfuil a fhios agat cheana féin… |
| ***Leagan amach a chur ar fáil*** | | | • Chun … a léiriú<br>• Chun léiriú a thabhairt ar…<br>• Chun cúlra a thabhairt daoibh<br>• Nuair a bheidh mé réidh ba mhaith liom go mbeadh…<br>• Má tá rud amháin gur mhaith liom a chur trasna oraibh inniu sin é …<br>• Is é an rud gur mhaith liom a dhéanamh inniu ná míniú a thabhairt ar…<br>• Is é an rud gur mhaith liom a dhéanamh inniu ná ...a mhíniú<br>• Ar dtús tabharfaidh mé roinnt sainmhínithe ar…<br>• Ina dhiaidh sin míneoidh mé/déanfaidh mé cur síos ar…<br>• Ansin, taispeáinfidh mé daoibh<br>• Ar deireadh, ba mhaith liom sampla praiticiúil a thabhairt daoibh |

<table>
<tr><td>Corp nó príomhpháirt na tuairisce</td><td>• Is__________ é an…..<br>• Is ______ iad ……</td><td>• Is ….í/é<br>• Is …. iad seo<br>• Is féidir iad a fhéiceáil/a fháil<br>• Mar shampla</td><td>• Mar shampla/cuir i gcás<br>• Is féidir sampla de sin a fháil/ a fheiceáil<br>• I bhfocail eile…<br>• Is é sin le rá ……<br>• Tá sé tábhachtach cuimhneamh air…….<br>• Ba mhaith béim a leagan ar/a chur air….<br>• Is mian liom/Ba mhaith liom aird a tharraingt ar…/a dhíriú ar...<br>• Mar atá ráite agam cheana féin...<br>• Mar a dúirt mé cheana féin…<br>• De réir …..<br>• Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do …<br>• Mar is eol daoibh cheana féin, b’fhéidir ….<br>• Mar atá a fhios agaibh cheana féin…<br>• B’fhéidir go bhfuil/Seans go bhfuil sibh ar an eolas cheana féin.</td></tr>
<tr><td>Deireadh</td><td>• Go raibh maith agaibh as ucht éisteacht liom<br>• Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as ucht éisteacht liom<br>• Gabhaim buíochas libh as ucht …..<br>• Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh/sult as mo thuairisc.</td><td>• Go raibh maith agaibh as aird a thabhairt...<br>• Mar achoimre …<br>• Mar fhocal scoir…<br>• Mar chríoch …</td><td>• Ba mhaith liom achoimre a dhéanamh ar…<br>• Ar deireadh/Mar chríoch ba mhaith liom a rá…<br>• Ag an bpointe seo, ba mhaith liom na príomhphointí a chur i gcuimhne daoibh…<br>• Faoin tráth seo, ba mhaith liom  na príomhphointí a mheabhrú daoibh …<br>• Sin deireadh le mo thuairisc…<br>• Mar atá feicthe againn inniu…</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | • Mar sin, ón méid atá cloiste againn inniu…<br>• Mar chríoch/Mar fhocal scoir ba mhaith liom a rá gur …<br>• Baineann mo ráitis dheiridh le ….<br>• Ba mhaith liom deireadh/críoch a chur le mo thuairisc trí fhilleadh ar an bpríomhphointe/na príomhphointí |

Oide